



Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais 2014

Clár

Ráiteas ó Uachtarán na Comhairle	5
Athbhreithniú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	6
Ról agus Feidhmeanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis	7
Ráiteas Straitéise 2014-2018	9
Fís, Misean agus Luachanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis	10
Comhaltaí na Comhairle	11 & 12
Bosca Eolais	13
Cuspóir Straitéiseach a hAon	14 - 18
Cuspóir Straitéiseach a Dó	19 - 23
Cuspóir Straitéiseach a Trí	24 - 26
Cuspóir Straitéiseach a Ceathair	27 - 31
Cuspóir Straitéiseach a Cúig	32 & 33
Cuspóir Straitéiseach a Sé	34 & 35
Bainistíocht Riosca	36 - 39
Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2014	40 - 62
Aguisín A -	63 - 67
Aguisín B -	68 - 73
Aguisín C -	74 - 84
Aguisín D -	85

Ráiteas ón Uachtarán



Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 a chur faoi bhur mbráid.

I mí an Mhárta 2014, sheol Comhairle na nDochtúirí Leighis a Ráiteas Straitéise nua le haghaidh 2014 – 2018 ina leagtar amach treoir na heagraíochta go ceann cúig bliana, lena n-áirítear sé phríomhchuspóir a dtabharfar aghaidh orthu agus a dtomhaisfear le táscairí feidhmíochta a chuirfidh an Chomhairle i bhfeidhm. Tomhas tábhachtach i ngach gné den saol iad torthaí sa lá atá inniu ann, agus dhíríomar mar is ceart sa straitéis seo ar a fhios a bheith againn céard go díreach é ár bpost, d'fhoill fanacht ar an mbóthar ceart i gcónaí.

Táim go hiomlán tiomanta don straitéis seo a úsáid mar threoir do Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus tá i gceist agam í a chur ar an mbord ag gach cruinniú a bhíonn againn ionas go meabhófar dúinn an fáth a bhfuilimid anseo, an fáth a bhfuilimid ar an mbóthar seo, agus céard go díreach a theastaíonn uainn a bhaint amach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gComhairle agus leis an bhfoireann as a dtiomantas do chur chun feidhme an phlean straitéisigh seo.

Cé gur fearr aithne ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis mar gheall ar a ról ag plé le gearáin i gcoinne dochtúirí, cuid lárnach dár ngnó iad dea-chleachtas gairmiúil a chur chun cinn, agus forbairt ghairmiúil leanúnach dochtúirí a mhaoirsiú. I mí an Mhárta d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis taighde nua ar dhearcthaí an phobail agus na gairme ar a bhfuil i gceist le dochtúir maith in Éirinn. Tuairiscíodh ardleibhéal muiníne as dochtúirí i measc an phobail sa tuarascáil *Talking about good professional practice*, agus bhí os cionn 90% de na hothair sásta leis an leibhéal cúraim a fuair siad óna ndochtúir.

Is é ár ról mar rialtóir scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí an phobail ar a bhfreastalaímid agus na gairme a rialaímid agus ansin an cur chuige a chreidimid a imreoidh an tionchar is fearr ar shábháilteacht othar a fheabhsú a chomhaontú leo. Léiríonn an tuarascáil seo an gá leanúnach atá le díriú ar luachanna cuí a shainmhíniú agus a leabú i rith shaol gairmiúil na ndochtúirí. Táimid ag cur tús le céim thábhachtach anois chun cabhrú linn é sin a dhéanamh. Cuireadh tús le comhairliúchán in 2014 ar fhorbairt ár dtreorach nua ar dhea-chleachtas gairmiúil, agus i ndiaidh ionchuir a fháil ó dhochtúirí, ó othair agus ó eagraíochtaí comhpháirtíochta, tá súil againn dréacht-cháipéis a fhoilsiú le haghaidh tuilleadh comhairliúcháin in 2015.

Gné thábhachtach eile d'obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis is ea gearáin a imscrúdú sa chás go bhfuil imní ann nár chloígh dochtúir le dea-chleachtas gairmiúil. Ag deireadh 2013, rinneadh Comhairle na nDochtúirí Leighis achomharc in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte sa chás Corbally vs Chomhairle na nDochtúirí Leighis os comhair na Cúirte Uachtaraí, chun soiléire a fháil ar an sainmhíniú ar fheidhmíocht ghairmiúil lag, atá ar cheann de na forais gearáin is coitianta a imscrúdaíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis. Bhí tionchar suntasach ag an rialú seo ar ár n-obair in 2014, toisc i ndiaidh an rialaithe seo, chun feidhmíocht ghairmiúil lag ag eascairt as eachtra nó botún amháin a chinneadh b'éigean dó a bheith 'an-tromchúiseach'. Tá tionchar an cháis seo le feiceáil sa líon laghdaithe fiosrúcháin um fheidhmiúlacht chun cleachtadh le linn na bliana. Tabharfaidh rialú na Cúirte Uachtaraí soiléire, agus féadfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis oibriú ansin leis an Roinn Sláinte agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta eile chun a chinntiú go dtacaíonn na córais le láimhseáil chuí aon imní faoi dhochtúirí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach comhalta den Chomhairle, as ucht an méid a rinne siad i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Leas-Uachtarán, Audrey Dillon, le gach cathaoirleach coiste, leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Caroline Spillane, agus le foireann uile Chomhairle na nDochtúirí Leighis as ucht a ndíograise leanúnaí agus a ndúthrachta in 2014.

Freddie Wood.

An tOllamh Freddie Wood

Uachtarán



Athbhreithniú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is cúis áthais dom ár dtuarascáil le haghaidh 2014 a chur i láthair, ina dtugtar achoimre ar ár gcuid gníomhaíochtaí i rith na bliana, bliain inar baineadh mórán amach a bhain le hathrú straitéiseach. I mí an Mhárta, seoladh ár Ráiteas Straitéise nua ina leagtar amach treo Chomhairle na nDochtúirí Leighis go ceann cúig bliana. Chuir rannpháirteachas 1,000 duine ón bpobal mór, 700 dochtúir agus os cionn 40 eagraíocht chomhpháirtíochta go mór le forbairt na straitéise. Roinn siadsan a ndearcthaí ar ár gcuid oibre agus ar chinnteoireacht na Comhairle linn.

Ba bhliain é 2014 a thug ár ndúshlán ó thaobh cúrsaí airgeadais freisin, agus rinneamar iarracht aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin. Cuireann an reachtaíocht cosc ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis a hioncam a éagsúlú mar ba mhaith linn a dhéanamh, agus is ar na dochtúirí a mhaoiníonn gníomhaíochtaí na Comhairle lena dtáillí clárúcháin bliantúla a thiteann an t-ualach ar fad beagnach faraor. Thugamar faoi dhianphleanáil airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh airgeadais atá againn agus tosaíocht anois é do Chomhairle na nDochtúirí Leighis barrachas a chinntiú faoi 2017 chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh carntha. Tá dul chun cinn ar an sprioc seo le feiceáil cheana féin inár ráiteas airgeadais le haghaidh 2014.

Cuireadh béim leanúnach ar an bpróiseas gnó a fheabhsú i mbliana chun ár gcostais riaracháin a laghdú, agus díriodh ar éifeachtúlacht agus ar thaithí fhoriomlán na feidhme clárúcháin do dhochtúirí a fheabhsú. Foilsíodh *Cairt Ionchas* i mí Aibreáin, a chuir tiomantas Chomhairle na nDochtúirí Leighis do sheirbhísí a fheabhsú nuair a bhítear ag plé le ceisteanna faoin gclárúchán ar bhonn foirmiúil. Ba léir sármhaitheas oibríocht sa phróiseáil clárúcháin freisin ó athdhearadh na nósanna imeachta oibriúcháin, éirim ghnó fheabhsaithe agus córas nua le haghaidh athbhreithniú inmheánach ar cháilíocht. Cuireadh socruithe nua le haghaidh mheasúnú na n-iarratas ar chlárúchán sa Rannán Speisialtóirí i bhfeidhm in 2014, chun an próiseas seo a chuíchóiriú agus chun é a dhéanamh níos éifeachtaí d'iarratasóirí.

Foilsíodh an chéad suirbhé náisiúnta ar dhochtúirí faoi oiliúint riamh in 2014 freisin nuair a foilsíodh *Your Training Counts* i mí na Nollag. Ba thionscadal nua thar a bheith tábhachtach é seo toisc gur chuir sé ar ár gcumas réimsí atá le feabhsú a shainaithint agus gur chuir sé bonn eolais faoinár gcuid oibre. Tá sé ríthábhachtach anois go n-oibrímid le heagraíochtaí comhpháirtíochta atá páirteach in oideachas agus in oiliúint leighis chun an dea-chleachtas a leagtar béim air sa suirbhé a athchruthú agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna nach raibh chomh dearfach céanna a tháinig aníos. Seoladh *Your Training Counts* ag ár Seimineár Oideachais agus Oiliúna a leag béim bhreise ar réimse na dtimpeallachtaí foghlama tacúla, ar tosaíocht leanúnach do Chomhairle na nDochtúirí Leighis é.

Leanadh ag díriú ar thaighde agus ar chumarsáid i mbliana toisc go bhfuilimid ag obair ar na réimsí seo chun iad a fheabhsú do ghairmithe agus don phobal araon. Cuireadh limistéar oideachais shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar an ngearrliosta do ghradaim Spider de chuid Eircom i gcatagóir Thaithí an Úsáideora, ag aithint a dhearaidh agus a inúsáidteachta ar ghairis thraidisiúnta deisce agus ar ghairis shoghluaiste. Tosaíocht de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis é a cumarsáid ar líne a fheabhsú, agus leanfaimid ar aghaidh ag forbairt agus ag coimeád na n-ardchaighdeán a d'aithin an t-ainmniúchán seo.

D'fhan mo chomhghleacaithe sa Chomhairle dírithe ar a chinntiú gur tugadh faoinár gcuid oibre i rith na bliana agus sé phríomhchuspóir straitéiseacha an Ráitis Straitéise nua san áireamh i gcónaí. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug oifigigh sa Roinn Sláinte dúinn, chomh maith lenár gcuid comhghleacaithe i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, comhlachtaí oiliúna leighis iarchéime, scoileanna leighis, ionadaithe othar agus ionadaithe dochtúirí, as ucht a dtiomantais leanúnaigh don rannpháirtíocht i rith na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na Comhairle as ucht a dtacaíochta leanúnaí inár gcuid oibre le linn na bliana, go háirithe an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán, an tOllamh Freddie Wood agus an Dr Audrey Dillon. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Chomhairle na nDochtúirí Leighis as a ndíograis gan staonadh don dea-chleachtas i ngach gné den eagraíocht. Ba bhliain d'athruithe agus d'fhorbairtí móra é 2014 a chabhraigh linn ár n-eagraíocht ina hiomláine a fheabhsú agus táim ag súil le leanúint leis an dul chun cinn seo in 2015.


Caroline Spillane Uasal

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

RÓL AGUS FEIDHMEANNA CHOMHAIRLE NA nDOCHTÚIRÍ LEIGHIS

Is faoi **Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978** (arna thabhairt cothrom le dáta in **2007**) a bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis. Is iad seo na príomhfheidhmeanna atá ag an gComhairle:

- ♦ **Clár na liachleachtóirí a bhunú agus a choimeád**
- ♦ **Caighdeáin le haghaidh oideachas agus oiliúint fochéime, intéirneach agus iarchéime a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh orthu**
- ♦ **Na caighdeáin a shonrú is gá chun inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a chothabháil, agus athbhreithniú a dhéanamh orthu**
- ♦ **Caighdeáin chleachtais a shonrú le haghaidh liachleachtóirí cláraithe, lena n-áirítear treoir a sholáthar maidir le gach ní a bhaineann le hiompar gairmiúil agus eitic ghairmiúil**
- ♦ **Nósanna imeachta maidir le haraíonacht a chur i gcrích**





Clár na ndochtúirí a choimeád:

Cinntíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis nach mbíonn ach dochtúirí atá cáilithe i gceart cláraithe in Éirinn agus nach mbíonn cead ach ag na dochtúirí sin cleachtadh in Éirinn. Tugann clár Chomhairle na nDochtúirí Leighis liosta de shonraí na ndochtúirí sin, a bhfuil a gcuid cáilíochtaí aitheanta ag an gComhairle. Tugann sé cinnteacht don phobal maidir le dea-sheasamh agus inniúlacht leanúnach dochtúra.

Oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil na ndochtúirí a mhaoirsiú:

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis freagrach as caighdeáin le haghaidh oideachais agus oiliúna i rith saol gairmiúil dochtúra a shocrú, agus monatóireacht a dhéanamh orthu: oideachas leighis fochéime, oiliúint intéirneach agus iarchéime agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Caighdeáin ghairmiúla le haghaidh dochtúirí a shocrú:

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht neamhspleách atá freagrach as na caighdeáin a shocrú do dhochtúirí ar ábhar a bhaineann le hiompar gairmiúil agus le heitic. Is iad na caighdeáin seo a leagann bonn faoi dhea-chleachtas gairmiúil agus a chinntíonn caidreamh láidir éifeachtach idir othair agus an dochtúir.


Imní faoi dhochtúirí a fhreagairt:

Sa chás go bhfuil imní ar othar, ar a ngaolta, ar fhostóir, ar bhall foirne nó ar dhuine ar bith eile faoi chleachtas dochtúra, féadfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis gearán a imscrúdú. Más gá, is féidir léi tabhairt faoin ngníomh oiriúnach i ndiaidh a imscrúdaithe chun an pobal a chosaint agus chun tacú leis an dochtúir chun dea-chleachtas a choimeád.

Ráiteas Straitéise 2014-2018

Thug Comhairle na nDochtúirí Leighis an Ráiteas Straitéise le haghaidh 2014 – 2018 isteach i mbliana. Leagtar amach sa phlean seo treoir na Comhairle go ceann cúig bliana agus tugtar breac-chuntas ann ar shé chuspóir straitéiseacha a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu, a mbeidh cúig phríomhluach mar bhonn agus taca acu, atá riachtanach don chaoi a n-oibrímid.

An roth straitéise



Fís, Misean agus Luachanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Fís:

Seo fís Chomhairle na nDochtúirí Leighis:

Ceannaireacht a chur ar fáil do dhochtúirí chun dea-chleachtas gairmiúil a fheabhsú ar mhaithe le sábháilteacht othar

Misean:

Seo misean Chomhairle na nDochtúirí Leighis:

Ardchaighdeáin oideachais, oiliúna agus cleachtais a chinntiú i measc dochtúirí ar mhaithe leis na hothair

Luachanna:

Is iad seo príomhluachanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis:

Spreagaimid éagsúlacht, rannpháirtíocht agus foghlaim chun cabhrú linn a bheith níos fearr mar eagraíocht

Tugaimid tréaniarracht ar mhuinín a fheabhsú tuilleadh idir othair, dochtúirí agus Comhairle na nDochtúirí Leighis

Déanaimid cinntí neamhspleácha, eolasacha agus oibiachtúla agus bíimid freagrach astu

Tugaimid ceannaireacht le dea-shampla, socraímid ardchaighdeáin dúinn féin agus do na dochtúirí agus do na heagraíochtaí a rialaímid

Gníomhaímid go measúil, go cóir, go hionbháúil agus go seasmhach

COMHALTAÍ NA COMHAIRLE



**An tOllamh
Freddie Wood**



**An Dr
Audrey Dillon**



**An Dr
John Barragry**



**An Dr
Anthony Breslin**



**Katharine Bulbulia
Uasal**



**An tUasal
Declan Carey**



**Anne Carrigy
Uasal**



**An Dr
Seán Curran**



**An Dr
Rita Doyle**



**Mary Duff
Uasal**



**An tOllamh
Fidelma Dunne**



**An Dr
Bairbre Golden**



**An Dr
Ruairí Hanley**



**An tUasal
Seán Hurley**



**An tOllamh
Alan Johnson**



**Marie Kehoe-
O'Sullivan Uasal**



**An tOllamh
Mary Leader**



**An Comhairleoir
Sally Mulready**



**Margaret Murphy
Uasal**



**An tUasal
John Nisbet**



**An tOllamh
Colm O'Herlihy**



**An Dr
Michael Ryan**



**Cornelia Stuart
Uasal**



**An Dr
Consilia Walsh**



**Catherine Whelan
Uasal**

Bosca Eolais

- Bhí **19,049** dochtúir cláraithe i mí na Nollag 2014, méadú 889 dochtúir ar 2013
- B'fhir iad **59%** díobh siúd a bhí cláraithe, agus ba mhná iad 41% díobh
- Bhí pasráta **45%** ar chóras na scrúduithe réamhchlárúcháin, idir ríomhbhunaithe agus chlinicbhunaithe.
- Rinneadh **308** gearán le Comhairle na nDochtúirí Leighis i mbliana
- Tugadh **649,956** cuairt ar an suíomh gréasáin i mbliana, méadú 22% ar anuraidh

BUAICPHOINTÍ STRAITÉISEACHA AGUS PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Cuspóir Straitéiseach 1:

Clár éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt a fhreagraíonn do riachtanais ghairm an leighis, riachtanais a bhíonn ag síorathrú

Ligeann iontráil ar Chlár na nDochtúirí Leighis do dhochtúirí leigheas a chleachtadh in Éirinn. Tá obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis sa phróiseas clárúcháin ríthábhachtach mar go gcinntítear go bhfuil an chosaint riachtanach i bhfeidhm sula dtoilleann dochtúir an ceart chun leigheas a chleachtadh in Éirinn.

Scrúduithe réamhchlárúcháin

Tugadh faoi 603 scrúdú réamhchlárúcháin in 2014 chun iontráil a fháil ar Chlár na nDochtúirí Leighis in Éirinn. D'éirigh le 45% den 392 duine a thug faoin scrúdú ríomhbhunaithe agus d'éirigh le 45% den 211 duine a thug faoi na scrúduithe cliniciúla. Deimhníonn na scrúduithe sin go gcomhlíonann dochtúirí a fuair a gcáilíochtaí lasmuigh den Eoraip na caighdeáin a theastaíonn chun cleachtadh go sábháilte anseo. Athraíonn riachtanais an chlárúcháin ag brath ar an áit ar cáilíodh dochtúir, agus freisin ar an rannán sa chlár ar mian leo iarratas clárúcháin a dhéanamh air.

Scrúduithe réamhchlárúcháin	Líon iomlán a thóg an scrúdú	Pasráta
Leibhéal 2 2013 (scrúdú ríomhbhunaithe)	374	55%
Leibhéal 2 2014 (scrúdú ríomhbhunaithe)	392	45%
Leibhéal 3 2013 (scrúdú clinicbhunaithe)	180	68%
Leibhéal 3 2014 (scrúdú clinicbhunaithe)	211	45%


Cuireadh tús freisin in 2014 le clár chun [Córas na Scrúduithe Réamhchlárúcháin](#) a fhorbairt. Leanfar ar aghaidh le hobair in 2015 ar threoirphlean measúnaithe, ar shocruithe le haghaidh scrúdúcháin seachtrach, agus ar athbhreithniú ar an ngné ríomhbhunaithe de na scrúduithe réamhchlárúcháin. Áirítear leis seo na próisis le haghaidh scrúdú ríomhbhunaithe Leibhéal 2 a chuíchóiriú agus modh nua socraithe caighdeáin a bhunú do scrúdú clinicbhunaithe Leibhéal 3.

Tionscnaimh chlárúcháin

Seoladh tionscnaimh éagsúla in 2014 chun éifeachtúlacht agus taithí fhoriomlán fheidhm clárúcháin na Comhairle le haghaidh dochtúirí a fheabhsú.

I ndiaidh comhairliúchán a dhéanamh le dochtúirí agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta eile, foilsíodh Cairt Ionchas i mí Aibreáin, a chuir tiomantas Chomhairle na nDochtúirí Leighis do sheirbhísí a fheabhsú nuair a bhítear ag plé le ceisteanna faoin gclárúchán ar bhonn foirmiúil. Chomh maith leis sin, bunaíodh socruithe nua do dhochtúirí chun aiseolas a thabhairt ar an bhfeidhm clárúcháin.

Cairt Ionchas



Feabhsaíodh úsáid na n-áiseanna ar líne freisin nuair a nuashonraíodh seirbhís ghréasáin chun ligean do dhochtúirí a gclárúchán a athbhunú. Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis ag tabhairt teastas bliantúil leictreonach isteach freisin a thíocfaidh i gcomharba ar an gcineál teastas cruachóipe 'coinneála bliantúla' a eisíodh go dtí seo. Ón 1 Iúil 2015 ar aghaidh, gheobhaidh dochtúirí a dTeastas Clárúcháin Bliantúil go leictreonach.


Ba léir sármhaitheas oibríocht sa phróiseáil clárúcháin freisin ó athdhearadh na nósanna imeachta oibríúcháin, éirim ghnó fheabhsaithe agus córas nua le haghaidh athbhreithniú inmheánach ar cháilíocht.

Líon na ndochtúirí atá cláraithe ar gach rannán de Chlár na nDochtúirí Leighis 2014

2014

RANNÁIN	Comhréir de Chlár na nDochtúirí Leighis	Líon dochtúirí
An Rannán Ginearálta	45%	8633
An Rannán Speisialtóirí	42%	7929
An Rannán Speisialtóirí faoi Oiliúint	8%	1555
Clárú Intéirneach	4%	800
An Rannán Maoirsithe	1%	106
Dochtúirí ar Cuairt ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch	0%	26
Iomlán		19,049

Treocht i líon iomlán na ndochtúirí cláraithe ag deireadh na bliana, 2010-2014



Iarratais ar chlárúchán speisialtóirí

Bíonn measúnú ó chomhlacht oiliúna leighis iarchéime in Éirinn ag teastáil ó iarratais áirithe ar chlárúchán speisialtóirí; cuireann an comhlacht comhairle ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis maidir le hincháilitheacht an iarratasóra le haghaidh clárúchán speisialtóra. Seoladh socruithe nua le haghaidh mheasúnú na n-iarratas ar chlárúchán sa Rannán Speisialtóirí in 2014, chun an próiseas seo a chúchóiriú, chun seasmhacht measúnaithe a chinntiú, agus chun é a dhéanamh níos éifeachtaí d'iarratasóirí.

Gníomhaíochtaí an Ghrúpa Monatóireachta

Úsáidtear córais mhonatóireachta nuair a chuireann an Chomhairle coinníollacha i bhfeidhm ar chleachtas dochtúra. D'fhéadfaí coinníollacha dá leithéid a chur i bhfeidhm i ndiaidh do Chomhairle na nDochtúirí Leighis beart araíonachta a dhéanamh. I mí na Nollag 2014, rinneadh monatóireacht ar 26 dhochtúir chun a chinntiú go raibh siad ag cloí leis na coinníollacha a cuireadh i bhfeidhm ar a gcleachtas.

Líon na ndochtúirí á monatóiriú ag Grúpa Monatóireachta Chomhairle na nDochtúirí Leighis	2014	2013
Líon na ndochtúirí leis an nGrúpa Monatóireachta amhail an 31.12.2014	26	22
Líon na ndochtúirí nua leis an nGrúpa Monatóireachta	9	8
Níl siad leis an nGrúpa Monatóireachta a thuilleadh	5*	11*

**Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil an figiúr seo san áireamh i líon na ndochtúirí leis an nGrúpa Monatóireachta amhail an 31 Nollaig*

An Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair Leighis

I mí Lúnasa 2014, d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis an dara Tuarascáil Faisnéise bhliantúil ar an bhFórsa Saothair Leighis. Tá sonraí ann ar líon, ar aois, agus ar cháilíochtaí speisialtóra na ndochtúirí atá cláraithe le cleachtadh in Éirinn agus ar a socruithe oibre, ar a gcleachtas ó lá go lá, agus ar a réigiún cáilíochta. Is é cuspóir na tuarascála sábháilteacht othar a fheabhsú agus tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhea-chleachtas gairmiúil i measc dochtúirí, trí eolas a ghiniúint agus a chur ar fáil faoin bhfórsa saothair leighis in Éirinn. Tá obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis sa réimse seo tar éis tar éis bonn eolais a thabhairt don Athbhreithniú Straitéiseach ar Oiliúint Leighis agus ar Struchtúir Gairmeacha (Health.Gov.ie), mar shampla, agus do phleanáil an fhórsa oibre leighis a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.



Caroline Spillane Uasal agus an Dr Paul Kavanagh ag seoladh na Tuarascála Faisnéise ar an bhFórsa Saothair Leighis

An Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair Leighis: na staitisticí

D'fhág 1 as gach 10 dochtúirí idir 25-29 bliain d'aois an cleachtas leighis in Éirinn	Tá 21.4% de na dochtúirí 55 bliain d'aois nó níos sine	Tá 46.3% de na dochtúirí cláraithe mar speisialtóirí
Mná iad 41.3% de na dochtúirí cláraithe	Fuair 1 as gach 3 dochtúirí atá ag cleachtadh leighis in Éirinn a gcáilíocht i dtír eile	Tá 12.9% de na dochtúirí ag cleachtadh lasmuigh d'Éirinn amháin

Cuspóir Straitéiseach 2:

Timpeallacht foghlama thacúil a chruthú ar mhaithe le dea-chleachtas gairmiúil

Tá ról lárnach ag an timpeallacht foghlama i gcleachtas dochtúirí a mhúnlú i rith a saoil ghairmiúil. Leag Comhairle na nDochtúirí Leighis béim faoi leith in 2014 ar thacaíochtaí a fhorbairt agus ar chaighdeán a fheabhsú in oideachas agus in oiliúint leighis.

Monatóireacht ar cháilíocht agus oiliúint agus oideachas leighis fochéime a fheabhsú

Lean Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh lena gníomhaíocht creidiúnaithe trí bhunchláir leighis a mheasúnú, chomh maith leis na comhlachtaí a chuireann ar fáil iad. Déantar measúnú ar chlár a chuireann céim Éireannach ar fáil, cuma iad a bheith lonnaithe in Éirinn nó thar lear, in aghaidh caighdeán dea-chleachtais idirnáisiúnta, le treoirlínte an *World Federation for Medical Education*. Le linn 2014, scrúdaíodh Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ollscoil Perdaná – Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, an Mhalaeisia, agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Bairéin. Is féidir breathnú ar thuarascálacha monatóireachta agus creidiúnaithe ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Treoirlínte gairmiúlachta

D'fhorbair Comhairle na nDochtúirí Leighis *A Foundation for the Future – Guidelines for Medical Schools and Medical Students on Undergraduate Professionalism*, agus chuathas i mbun comhairliúcháin le heagraíochtaí comhpháirtíochta agus le mic léinn le linn an phróisis dréachtaithe. Tacóidh na treoirlínte seo le scoileanna leighis agus iad ag cothú na gairmiúlachta i measc mic léinn, agus ag dul i ngleic le haon easnamh gairmiúil. Chuir na scoileanna leighis fáilte roimh na treoirlínte toisc go neartaíonn siad a n-obair sa réimse tábhachtach seo den churaclam fochéime agus seolfar iad in 2015.

Anatamaíocht

Rinne Cigire Anatamaíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis, an tOllamh D. Ceri Davies scrúdú ar roinnt ranna anatamaíochta i scoileanna leighis le linn 2014. Comhaontaíodh creatlach do chód cleachtais Éireannach le haghaidh chleachtas na hanatamaíochta le linn 2014, agus leanfar le hobair ar an gcód cleachtais sin in 2015. Chomh maith leis sin, nuashonraigh Comhairle na nDochtúirí Leighis a beartas chun glacadh le torthaí ó institiúidí ceadúnaithe, agus d'fhorbair sí treoir chun tacú le rannpháirteachas breathnóirí in obair na Comhairle i réimse na hanatamaíochta. Leanann Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh ag coimeád bunachar sonraí de dheontóirí anatamaíochta agus bronnadh 113 dheonú ar scoileanna leighis in Éirinn le linn na bliana.

Is iad na torthaí iomlána:

Scoil Leighis	Líon na nDeonuithe Anatamaíochta
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	17
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	40
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	14
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	16
Coláiste na hOllscoile Corcaigh	26
Iomlán	113

Oideachas agus oiliúint leighis intéirneach

Lean Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh lena maoirsiú ar chaighdeán oideachas agus oiliúna intéirneach a chuireann na Gréasáin Oiliúna Intéirneach ar fáil ar shuíomhanna oiliúna a scrúdaigh agus a cheadaigh an Chomhairle. Thosaigh trí shuíomh nua oiliúna intéirneach ag feidhmiú chun tacú le seachadadh chlár oiliúna intéirneach 2013/14, agus scrúdaíodh na suíomhanna sin go luath in 2014 – a fhágann go bhfuil 51 suíomh intéirneach ann a scrúdaigh agus a cheadaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ag leanúint leis na socruithe ar cuireadh tús leo in 2011, d’eisigh Comhairle na nDochtúirí Leighis teastais taithí d’intéirneach a chríochnaigh a n-oiliúint intéirneach go rathúil, agus eisíodh na teastais sin ar mholadh an tseisir Comhordaitheoirí ar an nGréasán Intéirneach.

Speisialtachtaí leighis


D’aithin Comhairle na nDochtúirí Leighis speisialtachtaí nua in 2014 – Leigheas Dianchúraim, Nua-naíocht, Leigheas Péine agus Máinliacht Shoithíoch. Lean sé seo tréimhse shuntasach rannpháirtíochta le hionadaithe na speisialtachtaí, agus próiseas aitheantais ina raibh dhá chéim a chur i gcrích. I ngach cás, iarraidh ceadú an Aire do chinneadh Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus fuarthas é de réir na reachtaíochta. Sainordú é aitheantas na speisialtachtaí nua chun cláir nua a bhunú le haghaidh oiliúint speisialtóirí, agus is deis é do dhochtúirí incháilithe clárú mar speisialtóirí sna speisialtachtaí sin, a luaithe a shainítear na caighdeáin riachtanacha i gcomhar leis an gcomhlacht oiliúna ábhartha.

Your Training Counts

Tugadh faoin gcéad suirbhé náisiúnta bliantúil ar thaithí dochtúirí faoi oiliúint, *Your Training Counts*, idir mí Aibreáin agus mí Iúil, agus sheol an tAire Sláinte, Leo Varadkar TD torthaí an tsuirbhé i mí na Nollag 2014. Bhí an ráta freagartha air seo ard; d’fhreagair 53% de na dochtúirí faoi oiliúint an tsuirbhé, nó 1,636 dhochtúir. Chuir sé seo le bonn fianaise do chinnteoireacht eolasach agus is bonnlíne é ónar féidir le Comhairle na nDochtúirí Leighis feabhsúchán leanúnach ar shuirbhéanna bliantúla amach anseo a rianú. Ionas go bhféadfaí comparáidí idirnáisiúnta a dhéanamh, d’úsáid an tuarascáil ceisteanna ó shuirbhéanna a rinneadh cheana ar oideachas leighis san Ísiltír agus sa Ríocht Aontaithe. Tabharfar faoin tsuirbhé go bliantúil agus sainaithneofar ann na hathruithe riachtanacha ar an gcóras oiliúna a fheabhsóidh taithí na ndochtúirí. Déanfar monatóireacht freisin ar a mhéad a cheapann siad gur chabhraigh aon athrú.



Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Caroline Spillane Uasal, an tAire, an Dr Leo Varadkar TD agus Uachtarán Chomhairle na nDochtúirí Leighis, an tOllamh Freddie Wood ag seoladh *Your Training Counts*

Your Training Counts: na staitisticí**Suíomhanna oiliúna iarchéime**

I mí Iúil 2014, cheadaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis critéir le haghaidh mheasúnú na suíomhanna oiliúna a thacaíonn le seachadadh na hoiliúna do speisialtóirí. Cé go bhfuil suíomhanna oiliúna faoi réir athbhreithniú comhlachtaí oiliúna leighis iarchéime agus eagraíochtaí comhpháirtíochtaí eile cheana féin, ba é seo an chéad uair a chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis a hionchais do na suíomhanna oiliúna sa réimse seo in iúl. Chuir forbairt na gcritéir seo an méid seo a leanas san áireamh – (a) na critéir a chuireann Comhairle na nDochtúirí Leighis i bhfeidhm faoi láthair ina measúnú ar shuíomhanna le haghaidh oiliúint fochéime agus intéirneach; (b) na critéir a chuireann comhlachtaí oiliúna iarchéime in Éirinn i bhfeidhm agus iad i mbun suíomhanna oiliúna cliniciúla a roghnú agus a mheas; agus (c) na critéir agus na próisis scrúdaithe a chuireann comhlachtaí a bhfuil feidhmeanna cosúil le Comhairle na nDochtúirí Leighis acu i bhfeidhm sa Stát agus lasmuigh de. Foilsíodh agus roinneadh na critéir leis na suíomhanna ábhartha oiliúna ar fad, agus cuirfear tús le scrúdú na suíomhanna in 2015.

Inniúlacht ghairmiúil

Tá ceanglas dlíthiúil ar na dochtúirí ar fad a gcuid eolais agus scileanna a choinneáil cothrom le dáta trí riachtanais inniúlachta gairmiúla a shocraíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis a chomhlíonadh. Déantar iniúchadh ar shampláil dochtúirí gach bliain chun comhlíonadh a chinntiú, agus tá sé de chumhacht ag Comhairle na nDochtúirí Leighis tús a chur le nósanna imeachta araíonachta sa chás gur cinneadh go ndearna dochtúir faillí sa dualgas dlíthiúil seo.

In 2014, rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis gearáin i gcoinne 13 dhochtúir nár fhreagair riachtanais an iniúchta cé gur athnuaigh siad a gclárúchán leis an gComhairle le haghaidh 2014/2015.

Chun leanúint ar aghaidh ag feabhsú na gcóras reatha chun inniúlacht ghairmiúil a choimeád, d'fhorbair Comhairle na nDochtúirí Leighis dréacht-cheistneoir aiseolais d'othair i gcomhar leis an bpobal agus le gairm an leighis. Tabharfar faoi thuilleadh oibre chun é seo a chur ar bun ar bhonn píolótach in 2015 chun cinneadh a dhéanamh faoin mbealach is fearr le haiseolas ó othair a úsáid chun tacú le dochtúirí agus a n-inniúlacht ghairmiúil á coimeád.

D'athnuaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis a socruithe le comhlachtaí oiliúna leighis iarchéime aitheanta chun scéimeanna inniúlachta gairmiúla a réachtáil in 2014-2015.

Treoir le haghaidh dea-chleachtas gairmiúil do dhochtúirí

Chomhaontaigh an Chomhairle próiseas in 2014 freisin chun treoir reatha a athbhreithniú agus chun treoir nua a fhorbairt; baineann an treoir seo le heitic agus le gairmiúlacht dochtúirí.

Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin ar threoir reatha agus fuarthas aiseolas ón ngairm, ó eagraíochtaí comhpháirtíochta agus ón bpobal lena linn. Chabhraigh sé seo leis na príomhthopaicí a shainaithint le haghaidh athbhreithniú cuimsitheach nó forbartha, agus cuireadh tús le sraith ceardlann sa tríú ráithe de 2014. Leanfar leis na ceardlanna seo agus le nuashonrú na treorach reatha in 2015.

Mar fhreagairt ar leasuithe ar reachtaíocht ag tús na bliana, d'fhaomh agus d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis treoir nuashonraithe ar ghinmhilleadh laistigh dá heagrán reatha den *Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe*.

Sláinte dochtúirí

Tá ról tábhachtach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis i dtacú le dochtúirí a leanann ar aghaidh ag obair le linn tinnis nuair nach bhfuil aon bhaol ann do shábháilteacht othar. I mí na Nollag 2014, thacaigh an coiste sláinte le 35 dochtúir, ar chúiseanna andúile agus meabhairshláinte den chuid is mó.

An Coiste Sláinte	2014	2013
Líon na ndochtúirí leis an gCoiste Sláinte amhail an 31.12.2014	35	35
Líon na ndochtúirí nua leis an gCoiste Sláinte in 2014	8	9
Scaoilte saor ón gCoiste Sláinte in 2014	8*	10*

**Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil an figiúr seo san áireamh i líon na ndochtúirí leis an gCoiste Sláinte amhail an 31 Nollaig*

Cuspóir Straitéiseach 3:

Muinín an phobail agus na gairme i bpróisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis a choimeád trí chur chuige comhréireach agus spriocdhírithe a fhorbairt i leith gníomhaíochtaí rialála

**Deartar próisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis le haghaidh gearán faoi dhochtúirí chun an pobal a chosaint, agus díreann iontu ar ghearáin a fhi-
osrú go daingean agus go cothrom.**

Sainoiliúint cásoifigeach

Cuireadh sainoiliúint ar chásoifigigh i scileanna fiosrúcháin thar chúpla mí, agus bronnadh Teastas i Scileanna Fiosrúcháin orthu dá bharr, a chreidiúnaigh agus a bhronn Institiúid Chairte na nEadránaithe go neamhspleách. Tacaíonn an tsainoiliúint seo le hobair thiomnaithe fhoireann na gcásoifigeach, a chabhraíonn leis an gCoiste Réamhimeachtaí le gearáin a imscrúdú, i mbealach báil atá cothrom agus oibiachtúil.

Chuir seisear cásoifigeach an Clár Oiliúna Teistithe d'Imscrúdaitheoirí i gcrích.



Ó chlé go deas: Caroline Spillane Uasal, Carol Fitzgerald Uasal, Diana Pacheco Uasal, an tUasal Conor Doyle, an tUasal John Sidebottom.

Iniúchadh ar ghearáin

Fuair Comhairle na nDochtúirí Leighis 308 gearán in 2014. Déanann an Coiste Réamhimeachtaí fiosrúcháin ar gach gearán le cúnamh cásoifigigh thiomnaithe sula ndéantar cinneadh. Le linn na bliana, tharchuir an Coiste Réamhimeachtaí 26 cás le haghaidh fiosrúcháin um fheidhmiúlacht chun cleachtadh, tarchuireadh ocht ngearán chuig comhlacht nó údarás eile, agus tarchuireadh ceathrar dochtúirí i gcomhair measúnú feidhmíochta ar a gcleachtas.

Cás Corbally v Comhairle na nDochtúirí Leighis & Ors

In 2013, léirmhínigh an Ard-Chúirt an sainmhíniú ar Fheidhmíocht Ghairmiúil lag, atá ar cheann de na forais gearáin is coitianta a fhiosraíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis. D'ardaigh an breithiúnas seo an tástáil chaighdeánach atá le cur i bhfeidhm chun cinneadh a dhéanamh an féidir leis an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh Feidhmíocht Ghairmiúil Lag a chinneadh. I ndiaidh an rialaithe seo, chun Feidhmíocht Ghairmiúil Lag ag eascairt as eachtra nó botún amháin a chinneadh b'éigean dó a bheith 'an-tromchúiseach'.

Chonacthas tionchar chinneadh na hArd-Chúirte i gcás Corbally vs Comhairle na nDochtúirí Leighis & Ors sa líon tarchur ón gCoiste Réamhimeachtaí d'Fhiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, agus sa líon fiosrúchán a tionóladh.

D'achomhairc Comhairle na nDochtúirí Leighis an Breithiúnas ar mhaithe le leas an phobail, chun soiléiriú a lorg ar an sainmhíniú ar 'Fheidhmíocht Ghairmiúil Lag' agus ar an tástáil atá le cur i bhfeidhm. I bhfianaise thábhacht an rialaithe seo d'othair agus do dhochtúirí in Éirinn, iarradh agus deonaíodh dáta brostaithe don achomharc seo. Éisteadh Achomharc na Cúirte Uachtaraí seo i mí Dheireadh Fómhair 2014, agus táthar ag súil le cinneadh go luath in 2015.

Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Cuireadh 19 bhfiosrúchán i gcrích in 2014 – laghdú é seo ar an mbliain roimhe (cuireadh 39 bhfiosrúchán i gcrích in 2013). Tharla an laghdú seo de bharr thionchar rialú Corbally na hArd-Chúirte agus mar gheall ar chúinsí lasmuigh de smacht Chomhairle na nDochtúirí Leighis, ar nós ionchúisimh choiriúla ar feitheamh agus imscrúduithe atá ar bun chun réiteach don fhiosrúchán.

Fiosrúcháin a reáchtáladh	2014	2013
Críochnaithe	19	39
Curtha ar athló	4	1
Ar feitheamh amhail an 31 Nollaig	33	26

Torthaí na bhfiosrúchán	2014	2013
Mí-iompar gairmiúil	8	14
Míchumas leighis ábhartha	0	0
Feidhmíocht ghairmiúil lag	2	10
Gan cinneadh / Feidhmiúil chun an leigheas a chleachtadh / Níl aon chás ann	5	6
Gealltanais de bhun Alt 67 d'Acht na Lia-Chleachtóirí	4	9

Taighde agus rannpháirtíocht

Cuireadh tús le tionscadal in 2014 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí a bhaineann le gearáin ó 2008-2012, agus chun léargas ginearálta a thabhairt ar líon na ngearán, ar thorthaí na ngearán agus ar an sásamh a tugadh. Cuirfidh an tionscadal seo anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil araon ar fáil den chéad uair ar ghearáin thar thréimhse cúig bliana, agus úsáidfear é mar bhonn eolais d'obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis i réimsí éagsúla, lena n-áirítear forbairt a treorach ar dhea-chleachtas gairmiúil. Foilseofar an taighde seo in 2015, agus roinnfear é le fostaithe, le lucht déanta beartas, le comhlachtaí ionadaithe othar agus dochtúirí, agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha eile.

Bhí rannpháirtíocht leanúnach le heagraíochtaí comhpháirtíochta i rith na bliana chun próisis a fheabhsú, grúpaí ionadaithe othar, slánaíochtóirí agus ionadaithe dlíthiúla ina measc. Chuaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis i dteagmháil le gach rannpháirtí sa phróiseas gearán chun athbhreithniú a dhéanamh ar a dtaithí agus ar a mbraistint faoi phróiseas gearán Chomhairle na nDochtúirí Leighis le linn 2014. Bhí comhoibriú leanúnach agus roinnte eolais, taithí agus cleachtais le Rialtóirí Sláinte eile, le foireann shinsearach a chuireann tacaíocht ar fáil don Bhord Altranais agus Cnáimhseachais, agus eagraíodh roinnt faisnéise le CORU.

Tionóladh ceardlann do Stiúrthóirí Cliniciúla Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mí Mheán Fómhair faoi fhreagairt d'ímní faoi chleachtas dochtúirí, a stiúir an tOllamh Pauline McAvoy, a chuaigh amach ar scor le deireanaí óna post mar Stiúrthóir Leighis Eatramhach ar National Clinical Assessment Service (NCAS) na Ríochta Aontaithe.

Cuspóir Straitéiseach 4:

Sábháilteacht othar a fheabhsú trí thaighde géarchúiseach agus trí rannpháirtíocht níos fearr

Dhírigh Comhairle na nDochtúirí Leighis arís in 2014 ar rannpháirtíocht agus ar chomhoibriú leis an bpobal, le dochtúirí agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta, agus leathnaíonn raon taighde na Comhairle le linn na bliana nuair a tugadh faoi réimse leathan tionscadail taighde.

Tionscadail taighde

Úsáidtear taighde mar bhonn agus taca na cinnteoireachta i gComhairle na nDochtúirí Leighis, agus is tosaíocht di soláthar faisnéise agus taighde a úsáid mar bhonn eolais dá hobair féin agus d'obair an chórais sláinte i gcoitinne. Foilsíodh tionscadail taighde éagsúla i rith na bliana, lena n-áirítear:

- ◆ **Labhairt faoi dhea-chleachtas gairmiúil, ag fáil dearthaí othar agus dochtúirí araon ar an méid a chreideann siadsan atá i gceist le dea-chleachtas in Éirinn.**
- ◆ **An Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair Leighis de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis, a chuireann faisnéis faoi chleachtas agus faoin bhfórsa saothair ar fáil**
- ◆ ***Your Training Counts*, an chéad suirbhé riamh ag Comhairle na nDochtúirí Leighis ar na dochtúirí faoi oiliúint ar fad sa tír**

D'oibrigh Comhairle na nDochtúirí Leighis i gcomhar leis an mBord um Thaighde Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freisin chun dhá thionscadal nua taighde a choimisiúnú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais beartais i dtaighde oideachas leighis. Forbrófar samhail taighde 'foghlaim le gníomh' sa chéad tionscadal, faoi stiúir an Ollaimh Eilish McAuliffe sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, a dhíreofar ar intéirnígh leighis agus ar dhochtúirí sinsearacha chun gairmiúlacht leighis a fheabhsú. Beidh sé d'aidhm ag an dara tionscadal, faoi stiúir an Dr Deirdre Bennet i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, léargas a thabhairt ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le foghlaim dochtúirí faoi oiliúint agus iad ag obair i dtimpeallachtaí cliniciúla.

Cuireadh taighde Chomhairle na nDochtúirí Leighis i láthair ag fóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus roinneadh torthaí le toscairí ag comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialála Leighis (IAMRA) i Londain agus ag comhdháil Ghréasán Éireannach na nOideachasóirí Leighis (INMED) i mBéal Feirste.

Ar líne

Seoladh limistéar nua ar an suíomh gréasáin do mhic léinn leighis agus do dhochtúirí faoi oiliúint i mí Eanáir. Tá faisnéis sa limistéar seo faoi gach céim den oideachas leighis, ón scoil leighis go dtí roghanna speisialtachtaí iarchéime agus bhain dochtúirí faoi oiliúint tairbhe as. Bhreathnaigh cuairteoirí ar an limistéar nua ar feadh os cionn cúig nóiméad ar an meán in aghaidh an tseisiúin. Bhí na léirmheasanna air dearfach, agus cuireadh ar an ngearrliosta é do ghradam Spider de chuid Eircom i mí na Samhna, agus do ghradam ríomhsheirbhísí an rialtais i mí na Nollag, as an taithí idirghníomhach agus tharraingteach a chuireann sé ar fáil d'úsáideoirí.

D'fheabhsaigh rannpháirtíocht ar líne le Comhairle na nDochtúirí Leighis in 2014, le méadú 28% ar líon na gcuartheanna uathúla ar an suíomh gréasáin i gcaitheamh na bliana.

Méadracht feidhmíochta an tsuímh gréasáin

- ♦ Tugadh 649,956 chuairt ar an suíomh gréasáin i mbliana, méadú 22% ar anuraidh
- ♦ Ba iad Éire, an Ríocht Aontaithe, an Phacastáin, an India agus an Araib Shádach na cúig thír ba mhó cuairteoirí agus tháinig 32% de na cuairteanna foriomlána ó thíortha thar lear.

Limistéar nua do mhic léinn ar an suíomh gréasáin



Ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta

Tá 'Meamraim Thuisceana' éagsúla i bhfeidhm ag Comhairle na nDochtúirí Leighis chun roinnt faisnéise a éascú le heagraíochtaí comhpháirtíochta lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, agus Cumann Cógaiseoirí na hÉireann. Rinneadh bainistíocht ar Mheamraim Thuisceana reatha agus sainaitníonn deiseanna le haghaidh Meamraim Thuisceana amach anseo le linn na bliana.

Seimineáir oideachais agus oiliúna

Seoladh seimineár oideachais agus oiliúna an 8 Nollaig 2014 a leag béim bhreise ar réimse na dtimpeallachtaí foghlama tacúla, ar tosaíocht leanúnach do Chomhairle na nDochtúirí Leighis é. Bhí beirt phríomhchainteoirí ag an seimineár – an Dr Megan Joffe agus an Dr Debbie Cohen. D'fhreastail príomh-chomhpháirtithe ó réimse an oideachais leighis in Éirinn ar an seimineár agus bhí seoladh thuarascáil an tsuirbhé *Your Training Counts* mar chuid de.

D'óstáil an Chomhairle cruinniú mullaigh ceannaireacht leighis chun athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí i réimse na foghlama ar feadh an tsaoil do dhochtúirí i mí Mheán Fómhair. Roinn ceannairí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ón Ríocht Aontaithe léargais lena gcomhcheannairí Éireannacha ar inniúlacht ghairmiúil a choimeád i measc dochtúirí.

Ag obair le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta

I mí Mheán Fómhair, d'óstáil Comhairle na nDochtúirí Leighis cruinniú bliantúil an *International Physician Assessment Coalition (IPAC) & Coalition for Physician Enhancement (CPE)*, dhá eagraíocht idirnáisiúnta a roinneann foghlaim faoi bhealaí éifeachtacha chun imní faoi chleachtas dochtúirí a chosc agus a bhrath agus bealaí chun dul i ngleic léi. Chuir an t-imeacht fóram ar fáil do roinnt faisnéise i measc toscairí as gach cearn den domhan ar fheabhsúchán feidhmíocht dochtúirí.




An Dr Steve Miller ag labhairt ag comhdháil *International Physician Assessment Coalition (IPAC) & Coalition for Physician Enhancement (CPE)*

Rinneadh ionadaíocht ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag an seachtú cruinniú eolaíochta bliantúil de Ghréasán Éireannach na nOideachasóirí Leighis (INMED), a tionóladh i mí Feabhra in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Grúpa deonach de ghairmithe oideachais cúram sláinte é INMED a bhfuil cur chuige 'uile-oileáin' aige i leith comhoibriú, nuálaíochta agus malartú faisnéise maidir le hoideachas agus oiliúint leighis, agus ba é téama na bliana seo timpeallachtaí foghlama tacúla a chruthú.

D'óstáil Comhairle na nDochtúirí Leighis, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Fóram na gComhlachtaí Oiliúna d'Iarchéimithe Lá Gairme do Mhic Léinn agus d'Intéirnigh Leighis i mí Mheán Fómhair.

Bhunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis Painéal Comhairleach Mic Léinn agus Dochtúirí faoi Oiliúint as an nua, ar a bhfuil mic léinn agus dochtúirí faoi oiliúint ó scoileanna leighis agus ó phoist oiliúna dochtúirí neamh-chomhairleacha ospidéal in Éirinn. Chabhraigh sé seo le Comhairle na nDochtúirí Leighis eolas a fháil faoi dhearcthaí na ndaoine a bhaineann leas as oideachas agus oiliúint leighis.



An tOllamh Freddie Wood ag labhairt ag an Lá Gairme do Mhic Léinn agus d'Intéirnigh Leighis



Labhraíonn mac léinn leighis le Jessica Wu Uasal agus le Sarah Lowther Uasal ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag an Lá Gairme do Mhic Léinn agus d'Intéirnich Leighis

Cuspóir Straitéiseach 5:

Cultúr a thacaíonn le ceannaireacht agus le foghlaim a fhorbairt san eagraíocht

Díríodh gníomhaíochtaí 2014 ar an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i gcúrsaí rialachais agus acmhainní daonna.

Soláthar foirne agus bainistíocht feidhmíochta

Nuashonraíodh Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) Chomhairle na nDochtúirí Leighis in 2014 chun an straitéis nua eagraíochtúil a léiriú agus chun a chinntiú go raibh an fhoireann feasach ar a róil chun an straitéis sin a bhaint amach. Soiléirítear táscairí feidhmíochta bliantúla do bhaill foirne sa chóras seo agus cuirtear creat foghlama agus forbartha eagraíochta ar fáil chun uasoiliúint na foirne a éascú.

Bhí dúshlán acmhainne os comhair Chomhairle na nDochtúirí Leighis in 2014, toisc go raibh an meánlíon foirne thart ar 20% níos lú ná an bhliain roimhe. De réir bheartas na hearnála poiblí, seachfhoinsíodh gníomhaíochtaí nuair nárbh fhéidir an tseirbhís a choimeád de bharr an laghdaithe ar an líon foirne. Fuarthas cead i ndeireadh 2014 tús a chur le hearcú foirne go luath in 2015.

Foghlaim agus forbairt Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Chuir an Coiste Forbartha agus Ainmniúchán plean foghlama agus forbartha i dtoll a chéile don Chomhairle agus cuireadh sé shainchúrsa oiliúna ar fáil faoin bplean. Tugadh faoi obair freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hinniúlachtaí agus ar na critéir riachtanacha le haghaidh ballraíochta sa Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh agus sa Choiste Réamhimeachtaí.

Folláine fostaithe

Díríodh arís ar fholláine fostaithe san eagraíocht agus d'éagraigh grúpa folláine Chomhairle na nDochtúirí Leighis roinnt imeachtaí a dhírigh ar shláinte agus ar leas fostaithe. Reáchtáladh gníomhaíochtaí chun feasacht a ardú ar shláinte croí agus stróc, agus thug baill foirne faoi 'Dhúshlán Céime' i mí na Samhna. Ghlac baill foirne páirt i ngníomhaíochtaí carthanachta d'eagraíochtaí éagsúla le linn na bliana, lena n-áirítear Cumann Ailse na hÉireann, Ospís do Leanaí Laura Lynn, Líne Chabhrach na Leanaí agus Tearmann do Mhná Ráth Maoinis.



Baill foirne de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag baint taitneamh as an díolachán cácaí le haghaidh Lá Lus an Chromchinn

Gníomhaíochtaí rialachais

Forbraíodh Breithmheas Bliantúil Rialachais le haghaidh Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus scaipeadh ar gach comhalta den Chomhairle é. Pléadh freagairtí ar an mbreithmheas ag seisiúin a éascaíodh go seachtrach, agus d'éascair moltaí agus gníomhaíochtaí as sin.

Tugadh faoi athbhreithniú ar Chreatlach Rialachais Chorparáidigh Chomhairle na nDochtúirí Leighis, agus bhí lámhleabhar nuashonraithe athbhreithnithe ar rialachas corparáideach don Chomhairle ina thoradh air sin.

Cuspóir Straitéiseach 6:

Eagraíocht inbhuanaithe agus ardfeidhmíochta a fhorbairt

Leagadh béim ar an bpróiseas gnó a fheabhsú in 2014, agus díriodh arís ar sheirbhísí a chur ar fáil i mbealach atá éifeachtach ó thaobh costais de.

Ráiteas Straitéise

I mí an Mhárta, sheol Comhairle na nDochtúirí Leighis a Ráiteas Straitéise le haghaidh 2014-2018, inar soiléiríodh a cuspóirí go ceann cúig bliana. Forbraíodh an ráiteas straitéise i ndiaidh comhairliúcháin le 1,000 duine den phobal, 700 dochtúir agus thart ar 40 eagraíocht chomhpháirtíochta. Sheol an tAire Stáit le Freagracht as Cúram Príomhúil, Alex White TD an Straitéis ag imeacht le haghaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Cuirfear an straitéis i bhfeidhm trí phleananna bliantúla gnó agus tugadh breac-chuntas soiléir ar thomhais ratha sa cháipéis ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ag deireadh na tréimhse.



Ó chlé go deas:

An tOllamh Freddie Wood, Uachtarán Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Caroline Spillane Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, agus an tAire Stáit le Freagracht as Cúram Príomhúil, Alex White TD ag seoladh an Ráitis Straitéise le haghaidh 2014-2018

An próiseas gnó a fheabhsú

Ag tógáil ar chur i bhfeidhm rathúil an tionscnaimh chun an próiseas gnó a fheabhsú inár rannán Clárúcháin in 2013, cuireadh tús le tionscnamh eile in 2014, inar díriodh ar an bpróiseas láimhseála gearán a fheabhsú. Úsáideadh modheolaíocht LEAN Six Sigma chun gníomhaíochtaí a shainaithint chun éifeachtúlachtaí próisis a fheabhsú. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo in 2015 agus cuirfear i bhfeidhm é i réimsí eile san eagraíocht.

Bhí an fhoireann ar fad páirteach, ar leibhéal éagsúla, in dhá phríomhthionscadal traseagraíochta:

- (a) **Creat rialachas faisnéise a fhorbairt don eagraíocht, chun a chinntiú go bpléann Comhairle na nDochtúirí Leighis leis an bhfaisnéis agus leis na sonraí ar fad mar is cuí; agus**
- (b) **Straitéis Sármhaitheasa i Seirbhís do Chustaiméirí a fhorbairt don eagraíocht, chun a chinntiú go bhfreagraíonn ár seirbhísí do riachtanais inathraithe agus éagsúla ár bpríomhchustaiméirí i gcónaí.**

Leanfar leis an obair seo in 2015, ag tosú le cleachtadh bainistíochta riosca sonraí agus faisnéise; agus imeacht do ghrúpa fócais, chun níos mó a fhoghlaim faoi riachtanais ár gcustaiméirí.

Bhí forbairtí ar bhonneagar teicneolaíocht faisnéise na heagraíochta san áireamh sa bhéim ar éifeachtúlacht oibríochtúil, lena n-áirítear scagairí gréasáin feabhsaithe, nuashonraithe bogearraí agus cruia-earraí a chur i bhfeidhm.

Forléargas airgeadais

Forbraíodh creatlach dearbhaithe cáilíochta chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar sheachadadh, ar riosca agus ar chomhlíonadh gnó agus chun iad a thuiscint níos fearr. Cuireadh tuarascálacha ráithiúla ar fheidhmíocht in aghaidh spriocanna airgeadais ar fáil don Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca agus don Chomhairle, agus tugadh tuarascálacha dóibh freisin ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca de réir bheartas bainistíochta riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Díriodh níos mó ar phleanáil airgeadais ar fud na heagraíochta, a léirítear sna costais laghdaithe i réimsí éagsúla in 2014. Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tiomanta do chomhlíonadh a n-oibleagáidí i gclár oibre Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí de chuid an Rialtais agus ghlac sí páirt i roinnt conarthaí leis an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tugadh faoi thionscnaimh éagsúla a bhain le cúrsaí soláthair in 2014, ag féachaint le feachtas ar sholáthar a ardú agus luach ar airgead a bhaint amach nuair a bhí earraí agus seirbhísí á gceannach agus bunaíodh conarthaí nua le haghaidh lónadóireachta, slándála, glantacháin agus cothabháil choiscitheach bheartaithe.

Ghlac Comhairle na nDochtúirí Leighis páirt i ndlíthíocht lena tiarna talún, Tanat Limited, le linn 2014 maidir le téarmaí a tionóntachta in Kingram House.

Bainistíocht Riosca

Príomh-Oifigeach Riosca: Niamh Muldoon

Réamhrá le bainistíocht riosca

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tiomanta do bhainistíocht éifeachtach a riosca ar bhonn foirmiúil chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don chinnteoireacht, bunaithe ar thuiscint shoiléir ar rioscaí agus ar a dtionchar dóchúil. Agus í ag iarraidh an cuspóir seo a chur i gcrích, leag an Chomhairle amach creatlach chineálach ina bhfuil sraith céimeanna simplí ach dea-shainithe chun tacú go leanúnach le bainistíocht riosca, agus chun feasacht a ardú ar riosca agus an gá atá lena bhainistiú go leanúnach agus go héifeachtach i ngach leibhéal den eagraíocht.

Ní mór do Chomhairle na nDochtúirí Leighis, mar aon le gach eagraíocht eile, glacadh leis go mbeidh roinnt riosca ag baint lena gníomhaíochtaí ar fad. Ach déanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis iarracht an riosca a mhaolú a mhéad is féidir mar eagraíocht a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail. Is é a príomhról leas an phobail a chosaint nuair a bhítear ag plé le dochtúirí leighis, agus dá réir, bíonn a goile riosca idir íseal agus nialas go hiondúil. Aithníonn sí áfach má tá a misean le cur i gcrích go sásúil, a ról seirbhíse don phobal le feabhsú, agus toradh níos fearr le tabhairt dá príomhpháirtithe leasmhara, go gcaithfidh sí a bheith réidh le deiseanna a thapú nuair a dhlisteanáíonn an toradh féideartha glacadh le leibhéal áirithe de riosca breise. Mar aitheantas ar an riosca a d'fhéadfadh a theacht chun cinn ag il-leibhéil i mbealaí éagsúla, ó chinntí straitéiseacha a dhéanamh go gníomhaíochtaí tacaíochta a chur i bhfeidhm, cuirtear clár riosca i dtoll a chéile go rialta i rith na bliana, agus tuairiscítear don Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca, agus don Chomhairle é.

Ról Bhord na Comhairle agus an Choiste: iniúchadh, straitéis agus riosca

Treoraíonn Bord Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar ghoile, ar lamháltas agus ar bhainistíocht riosca, le tacaíocht an Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca, a mhaoirsíonn tuarascálacha ráithiúla an chlár riosca. Dearadh an clár riosca chun rioscaí ábhartha féideartha do bhaint amach chuspóirí straitéiseacha agus gnó na Comhairle a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú. Cuireann gach rannán de roinn riaracháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis Clár Riosca rannáin i dtoll a chéile, agus déanann an Príomh-Oifigeach Riosca iad seo a chomhordú agus a thuairisciú don Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca agus don Chomhairle.

Ar aon dul le Beartas Bainistíochta Riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis, léirítear bainistíocht riosca in oibríochtaí gnó oifige na Comhairle ó lá go lá. Tá feidhmeanna riosca agus smachtaithe faoi mhaoirsiú an Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca, agus tuairiscíonn an Príomh-Oifigeach Riosca go díreach do bhord Chomhairle na nDochtúirí Leighis freisin. Cuireann dearbhú neamhspleách le struchtúir inmheánacha trí iniúchadh inmheánach agus seachtrach a úsáid.

Mínítear leibhéal ghoile agus lamháltas riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis thíos. Leagtar amach sampla de na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí atá os comhair na Comhairle go gearrthéarmach agus go meántéarmach freisin, chomh maith leis na príomhbhearta atá i bhfeidhm chun rioscaí dá leithéid a mhaolú. Ní ráiteas iomlán gan teorainn é sin ar na rioscaí agus ar na héiginnteachtaí ábhartha ar fad. Dearadh na bearta maolaithe a choimeádtar i leith na rioscaí seo chun cosaint réasúnta, murab ionann agus cosaint lánchinnte, a chur ar fáil in aghaidh thionchar na n-imeachtaí faoi thrácht.

Goile riosca

Tá treoir-ráitis le haghaidh goile riosca leagtha amach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis sna catagóirí riosca seo a leanas:

Catagóir	Measúnú	Treoir-ráitis le haghaidh goile riosca
Straitéiseach	Goile riosca meánach	Is é príomhról na Comhairle leas an phobail a chosaint nuair a bhítear ag plé le liachleachtóirí. Is iad a príomhróil ina leith sin: • cáilíocht oideachas fochéime na ndochtúirí a dhearbhu • cáilíocht oiliúint iarchéime na speisialtóirí a dhearbhu • clárúchán dochtúirí • nósanna imeachta araíonachta • treoir ar chaighdeán ghairmiúla / iompar eiticiúil • inniúlacht ghairmiúil Tapóidh an Chomhairle deiseanna nuair a mheastar go ndlistearaíonn na torthaí féideartha geilleagracha agus sochaí é, ainneoin leibhéal bunriosca níos airde. Bíonn a goile riosca i leith cinntí straitéiseacha agus beartais nua áirithe íseal go hiondúil, de bharr a róil ríthábhachtaigh ag feidhmiú ar mhaithe le leas an phobail. Ach i gcásanna áirithe ina meastar go bhfuil an gá le hathrú nó le dul chun cinn forásach oiriúnach beidh goile riosca meánach ann. Teastaíonn breithniú agus faomhadh na hardbhainistíochta agus na Comhairle d'aon ghníomhaíocht dá leithéid. Féachfaidh an eagraíocht i ngach cás dá leithéid leis na bunrioscaí a mhaolú i gcur chun feidhme na gcinntí sin, a mhéad is féidir.
Airgeadas & maoiniú	Goile riosca meánach	Is iad na híocaíochtaí bliantúla ó dhochtúirí cláraithe a mhaoiníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis ar fad beagnach; ní fhaightear maoiniú ón rialtas ná ó aon fhoinsé eile. Dá bhrí sin tá a socruithe maoinithe réasúnta seasmhach agus is féidir roinnt planáil fhadtéarmach straitéiseach a dhéanamh. Léirítear a goile riosca straitéiseach ina goile riosca sa réimse seo agus bíonn sé idir íseal agus meánach go hiondúil. Coimeádfaidh an Chomhairle a hardchaighdeán le haghaidh maoirseacht airgeadais agus leanfaidh sí ar aghaidh ag cinntiú nach sáraíonn ceanglais airgeadais na hacmhainní atá ar fáil. Bíonn a goile riosca i leith maoirseacht airgeadais íseal.

Catagóir	Measúnú	Treoir-ráitis le haghaidh goile riosca
Clú	Goile riosca meánach	De bharr gurb é príomhról na Comhairle leas an phobail a chosaint agus iad ag plé le dochtúirí leighis, tá sé tábhachtach go mbeadh muinín as ionracas a gníomhaíochtaí agus a próiseas agus go bhfeicfí go dtugtar toradh inláimhsithe do gach páirtí leasmhar. Bíonn a goile riosca i leith teip bhraite sa réimse seo íseal go hiondúil. Aithníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis go gcaithfidh sí a bheith feasach i gcónaí ar a dualgas poiblí ríthábhachtach ach i gcásanna áirithe d'fhéadfadh gur gá tionscnaimh nach bhfuil tóir orthu a chur chun cinn nó seasamh nach dtaitníonn le daoine a ghlacadh sa chás go meastar é a bheith oiriúnach ar mhaithe leis an bpobal a chosaint. Bíonn a goile riosca sa réimse seo meánach go hiondúil.
Oibríochtúil	Goile riosca íseal	Áirítear le hoibríochtúil bainistíocht na bpríomhról a ndéantar cur síos orthu thuas agus bainistíocht na bhfeidhmeanna tacaíochta ar fad a theastaíonn chun na príomhról a chomhlíonadh. Tá creatlach chuimsitheach dhian forbartha ag an gComhairle lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta chun tacú le bainistíocht oibríochtúil agus dá bhrí sin bíonn a goile riosca sa réimse seo íseal go hiondúil.
Comhlíonadh	Gan goile riosca	Sainíonn an Chomhairle beartais agus nósanna imeachta chun tacú lena ceanglais dlí agus chomhlíonta. Bíonn an Chomhairle ag súil le comhlíonadh iomlán, agus seachnaíonn sí aon riosca nó éiginnteacht sa réimse seo. Dá bhrí sin ní bhíonn aon ghoile riosca i gcatagóir an chomhlíonta go hiondúil.

Léargas ar na príomhrioscaí amhail mí na Nollag 2014

Tugtar tuarascálacha rialta don Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca agus don Chomhairle ar na príomhrioscaí atá os comhair na heagraíochta. Tugtar achoimre ar na príomhrioscaí amhail mí na Nollag 2014 thíos:

Pearsanra

Pleanáil don fhórsa saothair

De bhrí nach rabhtas in ann folúntais a líonadh, cailleadh scileanna agus méadaíodh an t-ualach oibre a bhí ar an bhfoireann. Chruthaigh sé seo dúshláin i réimsí éagsúla agus d'imir sé tionchar ar éifeachtacht oibríochtúil in 2014.

Impleachtaí le haghaidh 2015 – Beidh sé riachtanach go líonfar folúntais a luaithe is féidir in 2015, agus oibreoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis leis an Roinn Sláinte chun cur chuige níos inbhuanaithe i leith pleanáil daonchumhachta a fhorbairt.

Comhlíonadh dlí agus rialála

Forbairtí reachtaíochta

Bhí éifeacht ag forbairtí cásdlí ar obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis in 2014, a d'imir tionchar ar a ról agus ar a sainchúram. Beidh tionchar ag forbairtí reachtaíochta eile, ar nós na reachtaíochta faoi shlánaíocht ghairmiúil a thabhairt isteach, ar obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis in 2015.

Impleachtaí le haghaidh 2015 – Féachfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis le hoibriú go dlúth leis an Roinn Sláinte in 2015 chun bonn eolais a thabhairt d'fhorbairtí reachtaíochta agus athrú a lorg, sa chás go gcreideann sí go bhfuil gá lena leithéid ar mhaithe le leas othar agus dochtúirí.

Feidhmiúlacht chun cleachtadh dochtúirí

Pléann Comhairle na nDochtúirí Leighis le gearáin i gcoinne dochtúirí, agus dearadh na córais gearáin chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna le hinniúlachtaí agus feidhmiúlacht chun cleachtadh dochtúirí chun an chosaint is fearr a thabhairt don phobal. Ní mór do chórais feidhmiú laistigh de dhianchreat reachtaíochta toisc gur féidir achomharc dlíthiúil a dhéanamh i gcoinne cinntí. Bítear ag brath ar dhaoine eile Comhairle na nDochtúirí Leighis a chur ar an eolas faoi fhadhbanna féideartha le cleachtas dochtúirí, a chruthaíonn riosca leanúnach nach bhfuil an t-eolas cruinn ag an gComhairle, nó nach bhfuil sí in ann gníomhú.

Impleachtaí le haghaidh 2015 – Leanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh i mbun rannpháirtíochta le fostóirí agus le comhghleacaithe sa chóras sláinte ionas go dtabharfar aghaidh ar inní faoi dhochtúirí ag an leibhéal oiriúnach laistigh den chóras sláinte. Cuirfear leasuithe molta reachtaíochta chun cinn leis an Roinn Sláinte ag féachaint lena chinntiú go bhfuil an chreatlach dlí atá mar bhonn agus taca do na córais gearáin chomh láidir agus is féidir. Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara chun cumarsáid mhéadaithe agus tuiscint shoiléir ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chinntiú.

Airgeadas

Socruithe tionóntachta in Kingram House

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis páirteach i gcaingean dlí lena tiarna talún, Tanat Limited, maidir le téarmaí tionóntachta a hoifigí in Kingram House, Baile Átha Cliath 2.

Impleachtaí le haghaidh 2015 – Féachfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis leis an dlíthíocht seo a chur i gcrích agus téarmaí a dhaingniú a chuirfidh soiléire airgeadais ar fáil don eagraíocht sna blianta amach romhainn.

Teicneolaíocht

Córais TE

Déantar formhór ghníomhaíochtaí Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar líne, agus is é a suíomh gréasáin an phríomhfhoinsé eolais d'othair agus do dhochtúirí, agus tá gach dochtúir atá ag cleachtadh in ann a gclárúchán a choimeád anois le córais ar líne. Mar is fíor do mhórán eagraíochtaí sa lá atá inniu ann, riosca do Chomhairle na nDochtúirí Leighis é an spleáchas ar chórais ar líne.

Impleachtaí le haghaidh 2015 – Cuíochíreofar próisis leanúnachas gnó agus tástálfar iad chun a chinntiú go bhfuil córais Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar aon dul leis an dea-chleachtas, idir a struchtúr teicneolaíocht agus chosaint sonraí.

RÁITIS AIRGEADAIS 2014

BAILL NA COMHAIRLE AGUS FAISNÉIS EILE

Uachtarán	An tOllamh Freddie Wood
Leas-Uachtarán	An Dr Audrey Dillon
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Caroline Spillane Uasal

An Chomhairle	An tOllamh Freddie Wood	An tUasal Seán Hurley
	An Dr Audrey Dillon	An tOllamh Alan Johnson
	An Dr John Barragry	Marie Kehoe-O'Sullivan Uasal
	An Dr Anthony Breslin	An tOllamh Mary Leader
	Katharine Bulbulia Uasal	An Comhairleoir Sally Mulready
	An tUasal Declan Carey	Margaret Murphy Uasal
	Anne Carrigy Uasal	An tUasal John Nisbet
	An Dr Seán Curran	An tOllamh Colm O'Herlihy
	An Dr Rita Doyle	An Dr Michael Ryan
	Mary Duff Uasal	Cornelia Stuart Uasal
	An tOllamh Fidelma Dunne	An Dr Consilia Walsh
	An Dr Bairbre Golden	Catherine Whelan Uasal
	An Dr Ruairí Hanley	

Oifigí:

Kingram House

Plás Kingram

Baile Átha Cliath 2

Iníúcháirí:

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

Aturnaetha:

McDowell Purcell

Foirgneamh Chéipil

Mainistir Mhuire

Baile Átha Cliath 7

Baincéirí:

Banc na hÉireann

Bóthar Ráth Maonais

Ráth Maonais

Baile Átha Cliath 6

TUARASCÁIL NA COMHAIRLE

Cuireann an Chomhairle i láthair a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014.

Príomhghníomhaíocht

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht reachtúil le haghaidh clárú agus rialáil dochtúirí a bhíonn ag cleachtadh an leighis.

Is é is príomhchuspóir don Chomhairle an pobal a chosaint trí chaighdeán arda iompair ghairmiúil agus oideachais ghairmiúil, oiliúna gairmiúla agus inniúlachta gairmiúla a chur chun cinn, agus a chinntiú ar shlí níos fearr, i measc lia-chleachtóirí cláraithe.

Is faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 (arna thabhairt cothrom le dáta in 2007) a bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ar phríomhfheidhmeanna na Comhairle tá

- ◆ **Clár na liachleachtóirí a bhunú agus a choimeád;**
- ◆ **Cláir oideachais agus oiliúna, is gá chun críocha clárúcháin agus clárúcháin leantaigh, a cheadú, agus na cláir sin a choinneáil faoi athbhreithniú;**
- ◆ **Na caighdeáin a shonrú is gá chun inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a chothabháil, agus na caighdeáin sin a choinneáil faoi athbhreithniú;**
- ◆ **Caighdeáin chleachtais a shonrú le haghaidh liachleachtóirí cláraithe, lena n-áirítear treoir a sholáthar maidir le gach ní a bhaineann le hiompar gairmiúil agus eitic ghairmiúil;**
- ◆ **Nósanna imeachta araíonachta.**

25 comhalta atá ar an gComhairle, lena n-áirítear comhaltaí a toghadh agus comhaltaí a ceapadh. Faoi fhorálacha Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, cuimsíonn an Chomhairle 13 chomhalta neamhleighis agus 12 chomhalta leighis a dhéanann ionadaíocht ar réimse speisialtachtaí leighis, ar chomhlachtaí teagaisc, ar dhaoine den phobal agus ar pháirtithe leasmhara, a bhfuil a gceapacháin uile faofa ag an Aire Sláinte. Is é tréimhse oifige na Comhairle reatha ná 2013 go dtí 2018. Is iad na híocaíochtaí ó dhochtúirí cláraithe a mhaoiníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis; ní fhaightear maoiniú ón rialtas ná ó aon fhoinsé eile.


Iniúchadh inmheánach

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gComhairle agus í seachfhoinsithe chuig BDO (Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe) chun an tseirbhís seo a sholáthar in 2014 – 2017.

Leabhair chuntas

Lena chinntiú go gcoinnítear leabhair chearta agus taifid chuntasaíochta chearta, tá roinn airgeadais inmheánaigh bunaithe ag an gComhairle, tá daoine atá cáilithe go cuí sa chuntasaíocht fostaithe aici agus tá córais chuí cuntasaíochta ríomhairithe coimeáda aici. Coimeádtar na leabhair chuntas ag oifig na Comhairle ag Kingram House, Plás Kingram, Baile Átha Cliath 2.

Faofa ag an gComhairle an 20 Bealtaine 2015 agus sínithe thar a ceann ag:

An tOllamh Freddie Wood	Caroline Spillane Uasal
Uachtarán	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
	
Dar dáta: 20 Bealtaine 2015	


RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE

Éilíonn Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 go n-ullmhódh an Chomhairle ráitis airgeadais i leith gach bliana airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir ar riocht ghnóthaí na Comhairle agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas sa bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag an gComhairle, ceanglaítear uirthi:

- ♦ **beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach**
- ♦ **breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh**
- ♦ **na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh an Chomhairle de bheith i bhfeidhm**
- ♦ **a dhearbhu cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir imeacht ábhartha ar bith atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais**

Tá an Chomhairle freagrach maidir le leabhair chuntas chearta a choimeád a thaispeánann go réasúnta cruinn ag aon am seasamh airgeadais na Comhairle agus a chuirfidh ar a cumas cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Tá an Chomhairle freagrach chomh maith as sócmhainní na Comhairle a chosaint agus, uaidh sin, bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc.

Faofa ag an gComhairle an 20 Bealtaine 2015 agus sínithe thar a ceann ag:

An tOllamh Freddie Wood Uachtarán	Caroline Spillane Uasal Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
 Dar dáta: 20 Bealtaine 2015	

RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Thar ceann na Comhairle, admhaímid an fhreagracht atá orainn chun a chinntiú go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnta seachas urrús absalóideach a chur ar fáil go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoisctear nó go n-aimseofaí in am trátha earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

Príomhnósanna imeachta rialúcháin

Tá céimeanna tógtha ag an gComhairle le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ◆ Coiste tiomnaithe Iniúcháireachta, Straitéise agus Riosca a bhunú a mbeidh Comhalta den Chomhairle nach é/í an tUachtarán é/í ina C(h)athaoirleach air;
- ◆ Sainmhíniú soiléir a thabhairt ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí na bainistíochta;
- ◆ Iniúcháirí inmheánacha a cheapadh;
- ◆ Cultúr freagrachta a fhorbairt ag gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis bunaithe ag an gComhairle chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ◆ Cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair na heagraíochta a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sí a bheith inghlactha;
- ◆ An seans go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta a mheas;
- ◆ Oibriú go dlúth leis an Roinn Sláinte agus le ranna Rialtais eile lena chinntiú go mbeidh tacaíocht ar fáil i leith spriocanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus córas tarmligin agus freagrachta. Cuimsíonn sé na nithe seo a leanas go háirithe:

- ◆ Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Chomhairle;
- ◆ Athbhreithniú rialta ag an gComhairle ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a chuireann feidhmíocht in iúl i gcoinne réamhaisnéisí;
- ◆ Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- ◆ Nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíonfar beartais agus treoracha a bhaineann le soláthar poiblí;
- ◆ Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh i bhfeidhm agus oibríonn na hIniúcháirí Inmheánacha de réir an Chreat-Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Is é an Coiste Iniúcháireachta, Straitéise agus Riosca a mhaoirsíonn an fheidhm.

Rinneadh athbhreithniú ar na rialúcháin seo a leanas nó cuireadh i ngníomh iad i gcaitheamh na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2014:

- ◆ Cuntais bhainistíochta mhíosúla le míniú ar imeachtaí suntasacha ón mbuiséad;
- ◆ Cuntais Bhliantúla do 2014 le míniú ar dhifríochtaí suntasacha;
- ◆ Plean le haghaidh bhuiséad bliantúil 2015;
- ◆ Rinne BDO iniúchadh inmheánach ar Shlándáil agus Príobháideacht Sonraí, ar bhainistíocht caiteachais TF, ar phróisis monatóireachta agus ar fhaisnéis bhainistíochta.


RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (AR LEAN)

Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014.

Sínithe thar ceann Chomhairle na nDochtúirí Leighis:

An tOllamh Freddie Wood

Uachtarán

A handwritten signature in black ink that reads "Freddie Wood." The signature is written in a cursive, slightly informal style.

Dar dáta: 20 Bealtaine 2015



AN tARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Comhairle na nDochtúirí Leighis

Tá ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 iniúchta agam faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar síos istigh iontu, agus cuimsíonn siad an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 32 den Acht, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar riocht ghnóthaí na Comhairle agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú ina dtaobh.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) agus ag cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí, caighdeán de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna sna ráitis airgeadais agus maidir leis na rudaí a nochtadh iontu, fianaise ar leor í chun urrús réasúnta a thabhairt go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí i gcomhthéacs thosca na Comhairle, cé acu a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus cé acu a nochtadh go himleor iad nó nár nochtadh
- cé chomh réasúnta is atá meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Agus iniúchadh ar bun agam, féachaim freisin le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil na Comhairle chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonrú nó neamhréireacht ábhartha fhollasach, pléim na himpleachtaí do mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir an chleachtais cuntasáochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, léargas fírinneach cóir ar riocht ghnóthaí na Comhairle ag 31 Nollaig 2014 agus ar a hioncam agus a caiteachas do 2014.


Is é mo thuairim gur choinnigh an Chomhairle leabhair chuntas chearta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.

Nithe a dtuairiscím orthu go heisceachtúil

Tuairiscím go heisceachtúil sna cásanna seo a leanas:

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- má tháinig sé chun solais i gcaitheamh an iniúchta go raibh cás ábhartha ann nár úsáideadh airgead chun na gcríoch a bhí i gceist nó nár chloígh na hidirbhearta le rialacha na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léirítear sa ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais go bhfuiltear ag cloí leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann maidir leis an gcaoi ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i dtaobh na nithe sin a dtuairiscítear orthu go heisceachtúil.



Patricia Sheehan

**Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
25 Bealtaine 2015**

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014

Bunús an ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir an chleachtais cuntasáiochta a bhfuil glacadh leis faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil arna leasú ag athluacháil talún agus foirgneamh, agus comhlíonann siad caighdeáin tuairiscithe airgeadais na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais (Financial Reporting Council), mar a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte Éireann iad. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le nithe a meastar go bhfuil siad ábhartha i ndáil leis na ráitis airgeadais.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas nó ar a luacháil, lúide dímheas carntha. Ríomhtar an dímheas chun bunchostas nó bunluacháil sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, thar a saolré úsáideach ionchais mar leanas:

Foirgnimh	2% de réir méid cothrom
Feabhsuithe léasachta	5% de réir méid cothrom
Trealamh oifige	20% de réir méid cothrom
Daingneáin agus feistis	12.5% de réir méid cothrom
Trealamh ríomhaireachta agus forbairt bogearraí	33.3% de réir méid cothrom

Tá an t-áitreabh ag Lynn House faoi réir beartas faoina ndéantar athluacháil air gach 5 bliana le luacháil eatramhach i mbliain 3 de réir FRS (Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais) 15 – Cuntasaíocht i gcomhair Sócmhainní Seasta. Rinneadh an luacháil dheireanach ar an áitreabh ar bhonn margadh oscailte ag 18 Nollaig 2013.

Is é beartas Chomhairle na nDochtúirí Leighis a cuid sócmhainní seasta ar saothair ealaíne iad a athluacháil gach 5 bliana.

Caitear le costais forbartha bogearraí ar mhórchórais mar a bheadh nithe caipitiúla ann agus díscríobhtar iad thar thréimhse a saolré úsáidí ionchais ón dáta a gcuirtear i ngníomh iad i leith.

Infheistíochtaí

Infheistíochtaí atá á gcoinneáil mar shócmhainní seasta, luaitear iad ag a luach margaidh. Déantar cuntasaíocht i gcomhair barrachas nó easnamh ar bith tríd an ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta agus tríd an gcuntas ioncaim agus caiteachais faoi seach. Ioncam ó infheistíochtaí, maille le haon cháin shiarchoinneálach a bhaineann leis, aithnítear é sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé le fáil.

Airgeadraí eachtracha

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí eile a aistriú ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm dáta an chlár comhardaithe. Idirbhearta in airgeadraí eile a dhéantar i gcaitheamh na bliana, aistrítear iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm dáta an idirbhirt. Na difríochtaí malairte a bhí ann dá bharr sin, pléitear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Ioncam

Aithnítear táillí, nach táillí coinneála iad, mar ioncam sa bhliain ina bhfaightear iad. Gearrtar táillí coinneála gach bliain i leith cleachtóirí a bhíonn ag iarraidh fanacht ar chlár na Comhairle. Aithnítear táillí coinneála agus ioncam eile mar ioncam sa bhliain lena mbaineann siad.

Pinsin

Oibríonn Comhairle na nDochtúirí Leighis scéim sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar-mar-a-úsáidtear ó airgead atá ar fáil di agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear ó thuarastail foirne.

Tomhaistear dliteanais na Scéime Pinsin ar bhonn achtúireach, ag úsáid mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Maidir leis na costais phinsin, léiríonn siad sochair phinsin tuillte ag fostaithe le linn na tréimhse, agus taispeántar iad saor ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choimeádann Comhairle na nDochtúirí Leighis.

Eascraíonn gnóthachain agus caillteanais as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí agus aithnítear iad sa Ráiteas faoi Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo.

Is ionann an cúlchiste pinsin agus an t-easnamh maoinithe ar na hoibleagáidí a bhaineann leis an scéim phinsin.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS


don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014

		2014	2013
		€	€
Ioncam	Nótaí		
Táillí coinneála	9	8,159,700	7,714,867
Táillí clárúcháin	1	2,239,376	1,672,149
Ioncam ilghnéitheach	1	607,876	631,347
Ioncam iomlán		11,006,952	10,018,363
Caiteachas			
Pá agus tuarastail	3	3,375,298	3,125,425
Costais phinsin	3/10	1,241,424	1,106,771
Costais na Comhairle agus na gcruinnithe	3	644,226	729,741
Earcú, oiliúint agus oideachas foirne		119,394	248,351
Cíos agus rátaí		1,218,223	1,099,181
Costais dlí	2	1,891,145	2,479,879
Riarachán ginearálta	2	988,505	1,111,421
Comhairleacht agus táillí gairmiúla eile	2	476,137	352,202
Táillí airgeadais		61,416	41,933
Táillí iniúchóireachta		14,000	13,941
Dímheas	5	420,826	440,916
Fógraíocht		17,165	8,427
Caiteachas iomlán		(10,467,759)	(10,758,188)
Barrachas/(easnamh) oibríúcháin		539,193	(739,825)
Ús infhaighte		99,799	91,277
Ioncam infheistíochta		30,095	34,858
Barrachas/(easnamh) don bhliain	11	669,087	(613,690)

Tagraíonn na torthaí don bhliain d'oibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí ar leathanaigh 16-24.

Faofa ag an gComhairle an 20 Bealtaine 2015 agus sínithe thar a ceann ag:

An tOllamh Freddie Wood	Caroline Spillane Uasal
Uachtarán	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
	
Dar dáta: 20 Bealtaine 2015	

RÁITEAS FAOI IOMLÁN NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014

	Notaí	2014 €	2013 €
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	11	669,087	(613,690)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar dhliteanais phinsin	10	781,000	754,000
Gnóthachan athluachála ar infheistíochtaí	6	145,329	89,294
Caillteanas athluachála ar fhoirgnimh	5	0	(900,000)
Barrachas iomlán aitheanta don bhliain		1,595,416	(670,396)

Faofa ag an gComhairle an 20 Bealtaine 2015 agus sínithe thar a ceann ag:

An tOllamh Freddie Wood	Caroline Spillane Uasal
Uachtarán	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
	
Dar dáta: 20 Bealtaine 2015	


CLÁR COMHARDAITHE

amhail an 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014 €	2013 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	5	2,924,798	2,913,920
Sócmhainní airgeadais	6	3,105,835	2,939,900
		6,030,633	5,853,820
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	7	1,416,187	1,432,777
Airgead sa bhanc agus ar láimh		13,416,395	10,686,496
		14,832,582	12,119,273
Dliteanais reatha (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe	8	(6,095,496)	(5,100,924)
Glansócmhainní reatha		8,737,086	7,018,349
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha (Roimh phinsin)		14,767,719	12,872,169
Dliteanais neamhreatha			
Dliteanais phinsin	10	(11,900,134)	(11,600,000)
Glansócmhainní		2,867,585	1,272,169
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste athluachála	11	350,750	205,421
Barrachas carntha	11	14,416,969	12,666,748
Cúlchiste pinsin	11	(11,900,134)	(11,600,000)
Iomlán		2,867,585	1,272,169

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí ar leathanaigh 16-24.

Faofa ag an gComhairle an 20 Bealtaine 2015 agus sínithe thar a ceann ag:

An tOllamh Freddie Wood	Caroline Spillane Uasal
Uachtarán	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
	
Dar dáta: 20 Bealtaine 2015	


RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014

Réiteach an easnaimh don bhliain le glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2014 €	2013 €
Barrachas/(easnamh) don bhliain	669,087	(613,690)
Difríocht idir an pinsean a íocadh agus táille an phinsin	1,081,134	954,000
Ús faighte	(99,799)	(91,277)
Dímheas	420,826	440,916
Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe	16,590	176,607
Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe	994,569	(256,322)
Ioncam infheistíochta	(30,095)	(34,858)
Táille bhainistíochta	27,824	28,122
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	3,080,136	603,498
	2014 €	2013 €
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	3,080,136	603,498
Toradh ar infheistíochtaí		
Ús faighte	81,467	43,762
Caiteachas caipitiúil	(431,704)	(358,915)
Méadú/(laghdú) ar airgead tirim	2,729,899	288,345
Glanchistí ag tús na bliana	10,686,496	10,398,151
Glanchistí amhail an 31 Nollaig	13,416,395	10,686,496
Anailís ar an athrú ar ghlanchistí		
Ag tús na bliana	10,686,496	10,398,151
Sreafaí airgid	2,729,899	288,345
Glanchistí amhail an 31 Nollaig	13,416,395	10,686,496

Faofa ag an gComhairle an 20 Bealtaine 2015 agus sínithe thar a ceann ag:

An tOllamh Freddie Wood	Caroline Spillane Uasal
Uachtarán	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
	
Dar dáta: 20 Bealtaine 2015	

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014

1. IONCAM

Is iad seo a leanas na foinsí ioncaim:

	2014 €	2013 €
Táillí clárúcháin		
Intéirneacht	218,944	191,135
Clárú ginearálta	1,841,534	1,354,034
Daoine a chur ar ais ar Chlár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí	19,458	3,205
Táillí clárúcháin speisialtóirí	159,440	123,775
	2,239,376	1,672,149
	2014 €	2013 €
Ioncam ilghnéitheach		
